

☘ An Lúibín ☘

19 Deireadh Fómhair 2018

Léann Éireannach in Sydney

Tá an 23rd *Australasian Irish Studies Conference (Myth and Memory)* ag druim linn. 27 Samhain 2018 an dáta agus Sydney an áit.¹ Ruairí Ó hUiginn agus Pamela O'Neill na cathaoirligh. Beidh ceathrar cainteoirí ann agus a achoinre féin ag gach duine acu mar a leanas.

Gréagóir Ó Broin (Australian Catholic Historical Society) 'Smidiríní den Hidden Ireland i Sydney'.

Foilsíodh *Hidden Ireland in Victoria* le Val Noone sa bhliain 2012. Glacaim leis an téarma sa chiall sin .i. iarsmaí de chultúr na nGael atá i bhfolach abhus anseo. Pléifear

- nótaí Gaeilge atá scríte ar leabhair agus ar láimhscríbhinní (sa litriú traidisiúnta agus sa litriú atá bunaithe ar an mBéarla)
- tuairiscí ar chainteoirí dhátheangacha agus ar imeachtaí lán-Ghaeilge nó dhátheangacha
- bailiúchán mór de leabhair a bhaineann le Léann na hÉireann
- eolas mar gheall ar dhaoine a bhí ag múineadh agus ag foghlaim na Gaeilge

Tá an páipéar seo dírithe ar na giotáí is lú agus is suaraí (mar dhea), macallaí laga ón tseana-shaol ná fuil tugtha fé ndeara go nuige seo, ach atá, mar a chruthaigh Val Noone, ina 'mbarr an chnoic oighir'.

Robert Lindsey (Ollscoil Melbourne): 'Lampa Gael-Astrálach faoi Bhabhla: Saol Uinsinn Sheosaimh Uí Eachthuigheim'

Innealtóir, scríbhneoir, file, maisitheoir leabhair agus grianghrafadóir ba ea é Uinseann Seosamh Ó hEachthuigheim (1903-1986), fear Astrálach a bhí díograiseach ar son na Gaeilge i ngach gné dá shaol. An méid sin ráite, fear ciúin a bhí ann, agus bhí saothar a shaoil beagnach caillte tar éis a bháis. A bhuí lena iníon ghrámhar agus le mo chuid oibre féin, is féidir linn scéal a shaoil a chur le chéile, agus sult a bhaint as na rudaí agus scríbhinní a d'fhág sé ina dhiaidh. Foilsíodh alt in *An Lúibín Mí* an Mhárta 2016 (uimhir 241) ar shaol agus ar shaothar an Eachthuigheimneach, ach beidh seans againn sa chaint thráthúil seo léiriú níos fearr agus níos téagartha a thabhairt. Is léir go bhfuil áit speisialta i stair Ghaelach na hAstráile ag an nGaeilgeoir ildánach seo.

Pamela O'Neill (Ollscoil Sydney): 'Maria Charlotte Plunkett: Cén Cineál Mná?'

Den chuid is mó, tá Maria Charlotte Plunkett, bean John Hubert Plunkett, folaithe ar na staraithe. Ní raibh Maria Charlotte MacDonough ach naoi bliana déag d'aois nuair a phós sí Plunkett sa bhliain 1832, agus é fein tríocha bliain d'aois. Direach tar eis posadh, bhí siad ar a mbealach chuig an Astráil. Bhí poist thábhachtacha ag Plunkett sna New South Wales: Solicitor General, Attorney General, uachtarán na Comhairle Reachtaí, ball den Chomhdháil Reachtach, uachtarán Boird Naisiúnta na Scoileana, Leas-Seansailéir Ollscoil Sydney, agus é féin ina Chaitliceach. Fuair Maria bás agus í ochtó a dó; sé bliana is fiche tar éis bhás Plunkett, agus í ina haonarán bochtaithe. Cén fáth? Agus cén cineál mná a bhí inti? Úsáidim eolas ó nuachtáin agus litreacha chun freagra a lorg.

¹ <https://sydney.edu.au/content/dam/corporate/documents/faculty-of-arts-and-social-sciences/schools/slam/conference-circula-23-Irish-conference.pdf>

Val Noone (Ollscoil Melbourne) le Colin Ryan: ‘Scribhneoireacht as Gaeilge ón Astráil: tús leabharliosta’

Sna blianta seo chugainn – mura ndéanfar staidéar measartha mór ar an nGaeilge sa tír seo – beidh dianghá le bibleagrafaíocht faoi scríbhneoireacht ón Astráil a foilsíodh as Gaeilge. Sa pháipéar seo tabharfaidh muid tuairisc ó mo chuid nótaí chun leabharliosta a thosú. Fuair mé roinnt mhaith de na teidil ón taighde a rinne mé ar son mo leabhair *Hidden Ireland in Victoria* (2012) ach tá roinnt mhaith eile faighte agam a foilsíodh ina dhiaidh sin. Ar an ócáid seo tá liosta teoranta agam de scríbhinní ó oirdheisceart na hAstráile. Luaifear ach ní phléifear na litreacha a scríobhadh ón Astráil chun na hÉireann. Is é an aidhm atá ag an gceardlann an liosta a mhéadú le cabhair an lucht éisteachta.

Guinevere Barlow (Nanyang Technological University, Singeapór): ‘An Béarla sa Ghaeilge liteartha’

Sa pháipéar seo déantar cur síos ar na feidhmeanna a bhaineann le húsáid an Bhéarla i litríocht na Gaeilge. Go dtí seo, tá sé de nós ag taighdeoirí díriú isteach ar an gcód-mhéascadh ó thaobh staire de: focail iasachta ón Laidin, ón bhFraincis, ón mBéarla (Mac Mathúna 2007) nó díriú isteach ar labhairt na Gaeilge (Stenson 1993, Hickey 2009, O’Malley-Madec 2001). Ar an gcéad dul síos pléitear an dátheangachas Gaeilge-Béarla atá mar chúlra ag na húdair agus an lucht léitheoireachta. Déantar plé ansin ar dhá théacs nua-aimseartha: *Máire Nic Artáin* le Séamus Ó Néill (1959) agus *Hula Hul* le Seán Mac Mathúna (2007) agus tugtar measúnú ar na tréithe a bhaineann leis an mBéarla idir iasachtaí agus tagairtí. Feictear ar conas a sníomhann na húdair an Béarla isteach sa téacs agus na modhanna éagsúla comhshamhlaithe.

Tagairtí:

Hickey, T. (2009) ‘Code-switching and borrowing in Irish’, *Journal of Sociolinguistics*, 13 (5), 670-688.

Mac Mathúna, L. (2007) ‘Béarla sa Ghaeilge Cabhair Choigríche: An Códmheascadh Gaeilge/Béarla’ i *Litríocht na Gaeilge 1600-1900*, Báile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.

O’Malley-Madec, M. (2007) ‘How one word borrows another: the process of language-contact in two Irish-speaking communities,’ *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10 (4), 494-509.

Stenson, N. (1993) ‘English influence on Irish: the last 100 years,’ *Journal of Celtic Linguistics*, 2, 107-129.

Beidh páipéar á léamh ag Ruairí Ó hUiginn ach ní fios go fóill cén t-ábhar a bheidh aige.



Léirmheas

Who We Are and How We Got Here: Ancient DNA and the New Science of the Human Past. Oxford University Press 2018.

Leabhar é seo leis an ngéineolaí Mheiriceánaigh David Reich, le cúnamh Eugenie Reich, a bhean chéile. Cuntas é ar an léargas a thugann an ghéineolaíocht ar stair an chine dhaonna, le cuidiú na seandálaíochta, na bitheolaíochta móilíní agus na géanómíochta, gan trácht ar obair na staraithe, na n-antrapeolaithe agus na dteangeolaithe. Mar a deir Reich, ní bheadh teacht ar an eolas géiniteach atá ar fáil anois gan ríomhairí atá in ann meall mór sonraí a phróiseáil ar luas lasrach.

Is féidir anois géanóm iomlán an duine a iniúchadh agus comparáid a dhéanamh idir DNA ó chnámha ársa agus DNA ó dhaonraí an lae inniu, ag baint tairbhe as na sócháin a éiríonn anois le himeacht aimsire i bpobail dhifriúla. Dá bhrí sin is féidir léargas a fháil ar shean-imircí agus ar chros-síolrú ar feadh an 5,000 bliain roimhe seo agus tuiscint chruinn a fháil ar ar tharla roimhe sin.

Tá an géanóm déanta de dhá shlabhra a bhfuil timpeall trí billiúin mír cheimiceach i ngach ceann acu. Blúiríní de na slabhraí sin is ea na géinte, iad ag eagrú na bpróitéiní a dhéanann an chuid is mó den obair sna cealla. Is féidir iad a shamhlú mar litreacha: A (adainín), C (ciotóisín), G (guainín) agus T (tímín). Leagtar amach i seichimh dhifriúla iad agus uaireanta tá difríochtaí eatarthu – earráidí fánacha a dtugtar sócháin orthu. Dá mhéad iad na difríochtaí atá idir dhá ghéanóm is ea is faide an t-achar ó bhí an sinsear céanna acu, mar carnann na sócháin ar ráta atá seasmhach go leor.

Is féidir ‘scáilphobail’ a aimsiú - pobail nach bhfuil ann a thuilleadh ach a bhfuil a lorg le fáil sna sócháin a d’fhág siad i ngéinte pobal eile. Is féidir iniúchadh a dhéanamh trí na sócháin sin ar an rian a fhágann pobail dhíofa ar mhéid daonra agus ar rátaí imirce idir dhá phobal eile.

Bhain daoine ársa ón Afraic an Eoráise amach 1.8 milliún bliain ó shin ar a laghad, agus scar sinsir ár muintire féin ón mbunphobal úd 530,000 bliain ó shin ar a laghad. Scar dhá phobal ársa eile, na Deineasóvaigh agus na Néantartálaigh, ón mbunphobal níos déanaí. D’fhan siad sin san Eoráise ach is dócha gur fhill roinnt de shinsir ár gcineáilna ar an Afraic, áit ar tháinig daoine nua-aoiseacha chun cinn. D’fhág cuid dá sliocht siúd an Afraic arís agus bhuaile leis na pobail ársa eile.

Tá na Néandartálaigh díofa ach tá cuid dá ngéanóm fós ann. Tá 2% de shinsearachta Néandartálach ag gach duine nach de shliocht Afracach é. Chúbláil daoine nua-aoiseacha le Néandartálaigh idir 100,000 agus 50,000 bliain ó shin agus gur scaipeadh na géinte sin ar fud an domhain. Bhí suas le 9% de DNA Néandartálach i gcnámharlach ársa a fuarthas sa Rómáin, ach tháinig maolú ar an DNA sin le himeacht aimsire.

Rinne na Deineasóvaigh timpeall 5% dá gcuid DNA a thabhairt do mhuintir na Meilinéise agus beagáinín eile do mhuintir na hIndia, Oirdheisceart na hÁise agus na Síne. Chuir an DNA sin ar chumas na dTibéadach cónaí go hard ar na sléibhte.

I ndeireadh na hOighearaoise deireanaí bhí sealgairí agus bailitheoirí i réim ar fud na hEorpa, daoine dúchraicneacha a raibh súile gorma acu. Is beag dá gcuid géinte atá ag Eorpaigh an lae inniu. Beagnach 10,000 bliain ó shin tháinig na chéad fheirmeoirí aniar ón Meánoirthear, dream a bhí an-difriúil leis na sealgairí agus bailitheoirí, ach rinneadh aon phobal amháin díobh. Ansin tháinig dream nua ina n-ionad, pobal a dtugtar ‘Yamnaya’ orthu agus a d’éascair ó na machairí móra lastuaidh den Mhuir Dhubh agus de Mhuir Chaisp timpeall 5,000 bliain ó shin, iad ag imeacht siar agus soir. Is dócha gurb iadsan a thug leo an bhunteanga Ind-Eorpach ar fáisceadh an oiread sin teangacha stairiúla aisti – Ceiltis, Gearmáinis, Iodáilic, Peirsis, Hiondúis, Puinseáibis agus eile. B’fhánaithe tréadacha iad a d’ímíodh ar muin capaill agus a raibh trucaíl ar rothaí acu; agus bhí goile acu don bhainne, rud ab annamh ag an am. Thug siad cultúr gaisciúil leo agus na fir chun tosaigh ann. Iadsan a sholáthair an chuid is mó d’oidhreacht géiniteach na hEorpa agus thuaisceart na hIndia. Tháinig siad chomh fada leis an mBreatain agus le hÉirinn mar dhream a dtugtar an t-Aos Easra orthu.

Dealraíonn sé gur thug na Yamnaya *Yersinia pestis* leo, bachaillín a raibh galar marfach ag roinnt leis agus a d’fhéadfadh sléacht a dhéanamh ar phobail nach raibh cosaint acu air. B’fhéidir gurb é sin an fáth ar éirigh leis na Yamnaya an fód a bhaint de chosa na ndaoine a fuair siad rompu.

San India feicimid na Yamnaya ag cur fúthu sa tuaisceart agus iad féin agus muintir an deiscirt á meascadh de réir a chéile. Cuireadh na sainaicmí ar bun go luath agus tá ionphóru le haithint orthu ó shin. Is iomaí galar cúlaitheach atá ann; tugann daoine géinte sóite leo a théann i bhfad siar sa ghinealach.

Léiríonn scáilphobal amháin go bhfuil Eorpaigh agus Bundúchasaigh Mheiriceá níos gaire i ngaol dá chéile ná mar atá ceachtar acu do mhuintir na hÁise. Fuarthas scáilphobal thuaisceartach a thug géinte do phobal eile a scaip siar chun na hEorpa agus soir trasna Chaolas Bheiring chun Meiriceá. Fuarthas cruthú na teoirice seo nuair a thángthas ar chnámha daonna sa tSibéir a raibh na géinte úd iontu.

Tá meascadh den sórt seo le fáil ar fud an domhain. Is ionann 80% den DNA atá ag Cóiréigh agus ag Seapánaigh, rud a thugann le fios go raibh imirce ann fadó. Is beag aird a thugann Reich ar mhuintir na hAstraláise, ach cuireann sé i gcuimhne dúinn go bhfuil neart oibre le déanamh fós ar stair ghéiniteach na hAfraice. Is fada claonadh ag taighdeoirí chun béim a chur ar scaipeadh na ndaoine lasmuigh den Afraic agus dearmad a dhéanamh ar na himircí agus an meascadh a tharla ina dhiaidh sin san Afraic féin.

Mar a deir Reich féin, tá an taighde géiniteach ag cur cuma fiornua ar an stair. Tá a lán le foghlaim fós, ach cuireann an leabhar seo in iúl go cuimsitheach agus go soiléir an dul chun cinn iontach atá déanta le beagán blianta anuas i gcúrsaí géineolaíochta. Agus osclófar na súile d’aon duine a shíleann go bhfuil aon ghinealach ‘glan’ le fáil. Mar a deir an t-údar: ‘It has been mixtures all the way down’. Tá cor sa scéal sin, áfach. Arís agus arís eile feicimid gurb é an pobal isteach a sholáthraíonn an chuid is mó den DNA firinsneach agus gurb é an

pobal dúchasach a chaomhnaíonn DNA baininsneach. Léiríonn seo míchothrom cumhachta idir na laochra aniar agus na mná a fuair siad rompu, rud a bhfuil a rian le haithint fós i gcúrsaí sóisialta agus cultúir.

Beidh daoine ann ar deacair leo cuid den leabhar seo. Beidh daoine ann ar maith leo iniúchadh níos doimhne ar a bhfuil le tuiscint as an ngéineolaíocht sna cúrsaí sóisialta agus cultúir úd a luadh thuas. Beidh daoine ann ar tur leo stíl an údair. Ní lia duine ná barúil. Ach is beag duine a shéanfadh nach leabhar tábhachtach é seo agus gur fiú é a léamh ar son an léargais a thugann sé ar chianstair dhomhain ár gcine.



Bliain na Gaeilge (beagnach)

Taá Bliain na Gaeilge ann: clár imeachtaí pobail agus ealaíonta a bheidh ar siúl go ceann na bliana in Éirinn agus thar lear. Tá haischlib ann - #Gaeilge2018 – a bhfuil 12 milliún duine á húsáid. Tá na rudaí seo in ainm is a bheith ag dul ar sochar don teanga, agus tá daoine ann (Gaeilgeoirí den chuid is mó) a bhainfidh aoibhneas astu agus a dtiocfaidh ardú meanmnan orthu. Ba dheacair a rá go bhfuil meanma á tabhairt don chlár ag lucht an Bhéarla in Éirinn. É cosúil leis an Oireachtas ar an dóigh sin, cé go mbíonn fáilte ag lucht gnó (trí Bhéarla) roimh na custaiméirí a dtugann an tOireachtas leis, cibé áit a mbeadh an ócáid an bhliain sin.

Bíodh Bliain na Gaeilge ann nó as, is léir go bhfuil dul chun cinn na teanga ag brath ar rud eile – obair fhoighneach a bhíonn ar siúl ó bhliain go bliain. Braitheann sé ar neartú na scoileanna lán-Ghaeilge, ar chiorcail chomhrá, ar scríbhneoirí, ar iriseoirí. Braitheann sé ar a bhfuil á dhéanamh thar lear ag foghlaimeoirí agus ag díograseoirí, mar fhiontar pobail agus sna hollscoileanna.

Ní bhraitheann sé chomh mór sin in Éirinn ar ladar an Stáit a bheith sa mhias, scéal a pléadh go minic anseo agus in áiteanna eile. Tá teipthe ar an rialtas an dé a choinneáil sa Ghaeltacht. Tá an Ghaeilge gan chuspóir soiléir mar ábhar scoile; fágann corrdhalta an scoil agus é líofa ach a mhalairt atá fíor de ghnáth. Ar éigean atá seirbhísí stáit ar fáil ag cainteoirí Gaeilge. Tá sé thar am ag an Stát athbhreithniú a dhéanamh ar an idé-eolaíocht chultúrtha a thug sé leis ó am na hAthbheochana chun go mbeadh beartais níos ciallmhaire á mbeartú agus iad curtha in oiriúint don Ghaeilge mar theanga bheo mhionlaigh. Fiú fáil réidh le hAirteagal 8 den Bhunreacht.

Idir an dá linn tá méadú ag teacht ar dhream cathrach a bhfuil Gaeilge ar a dtail acu, a bheag nó a mhór. Ní hí Gaeilge an tseansaol í, agus mar atá ráite go minic cheana, tá teanga níos simplí á déanamh di, teanga a bhfuil blas an Bhéarla uirthi. (Béarla na hÉireann, ar ndóigh, agus é Gaelach go leor cheana.) Ach leanfaidh an fás, más go mall é. Agus i gceann caoga bliain ní thuigfidh aon duine caint na seanfhundúirí sa chartlann.

Is beag an lorg a d'fhág Bliain na Gaeilge ar Ghaeilgeoirí abhus anseo san Astráil. Níl a ndóthain acu ann chun feiseanna agus féasta a chur ar bun le hómós don bhliain naofa. Iad ag teannadh leo le ranganna, corrhionól, corrhíosas scríbhneoireachta agus, ar ndóigh, *An Lúibín*. Nuair a thiocfaidh an lá amárach tiocfaidh a chuid féin leis. .



Leagan eile den Chúirt

Seo cuid de chaint na hAinnire in *Cúirt an Mheán Oíche*:

'Sé tuis mo cháis is fáth mo chaointe
Cúis do chráigh mé is d'fhág me claoite
Bhain dem threoir mé is sheol gan chiall mé,
Is chaith mar cheo mé dóite i bpianta,
Na sluaite imíonn gan chríoch gan chaomhnú
Ar fud an tsaol seo d'fhíorscoth béithe
Ina gcailleacha dubha gan cumhdach céile
Caite gan clú gan cionnta claoin-bheart.
Is aithnid dom féin sa mhéad seo shiúlas
Bean agus céad nár mhian leo a dhiúltadh
Is mise in a measc mo chreach mar táimse :
D'imigh im spaid gan fear gan pháiste.

Míle líne a scríobh Brian Merriman, údar an dáin sin, i ndeireadh an 18ú haois, agus níl san Ainniur ach duine amháin de na pearsana. Dán greanta, garbh, greannmhar é a d'eascair ó thraidisiún uasal agus íseal araon agus nach bhfuil a leithéid eile le fáil. Cuid de shainlitriocht na Mumhan é, an litriocht chomhaimseartha ba shaibhre in Éirinn.

Cúis iontais, mar sin, leagan i nGaeilge Ros Comáin (canúint atá marbh anois)² a bheith aimsithe i Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann ag an Ollamh Brian Ó Curnáin, sochtheangeolaí agus canúineolaí. Deirtear gurb é Éamann Ó hOrchaidh a d'aistrigh é, rud a rinne sé sa bhliain 1817. Mhair an bunleagan i lámhscríbhinní agus sa bhéaloideas i gCúige Mumhan nó gur foilsíodh é i lár an 19ú haois.

Rud ar leith is ea an t-aistriúchán seo; bheifí ag tnúth le leagan Uí Orchardh a fheiceáil i bhfoirm chlóite chun gurbh fhéidir comparáid a dhéanamh. Uisce nua chun muileann na scoláirí.³

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

² Gaeilge Ros Comáin a bhí ag Dubhghlas de hÍde, agus tá sé le cloisteáil á labhairt nuair a rinneadh Uachtarán na hÉireann de: <https://www.rte.ie/archives/2013/0625/458663-douglas-hyde-inaugurated-as-first-president-1938/>

³ <https://tuairisc.ie/leagan-connachtach-de-cuir-an-mhean-oiche-aimsithe/>

Trí dhán le Colin Ryan. Foilsíodh cnuasach leis sa bhliain 2017.

Cloch

Seo an gaineamh séidte ag folú is ag nochtadh
na bhfothrach: áit a bhfuair an fámaire cloch
a raibh gnúis aingil uirthi, dreach neamhdhaonna dorcha
a chorraíodh a chodladh go gealadh na gréine
is a chaith sé uaidh lá ar imeall bóthair
ag iarraidh suaimhis nó shólás an aineolais

Spléachadh

Ag féachaint amach
trí chiúnas fuinneoige
ar chiúnas na sráide
i gcaifé léannta
chonaic tú é, an té a bhí
i bpáirt leat tráth
ag cuidiú leat na coirp
a chur um mheán oíche

siúd faoi sholas na gréine é
i dtreo a raibh déanta cheana
i dtreo do thairsí féin

Filí

Bíonn na filí gar dóibh féin
ag cothú an ruda is ansa leo:
an focal, rud níos áille
ná clann nó leannán

fiú más fearg nó grá
a spreagann an file chun cainte
ní mhaireann ach géire nó séimhe
an fhocail féin: rud a deirtear
is nach n-ídítear